



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA

STAIR - ARDLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS 1815 -1993

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, seolta isteach roimh ré: 100 marc

## PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SAMPLACH

### *Treoracha d'iarrthóirí :*

Freagair Roinn 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**  
Ceist doiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)  
Freagair gach cuid den roinn seo.
- **Roinn 2 (100 marc)**  
Éire: Topaicí 1, 3, 4, 5, 6  
Freagair ceist amháin as topaic amháin.
- **Roinn 3 (200 marc)**  
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.  
Freagair ceist amháin as dhá thopaic.

## ROINN 1: CEIST DOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*

### **Gluaiseachtaí don leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870 – 1914**

Cás staidéir lena mbaineann na doiciméid:

#### ***Baile Átha Cliath 1913 – stailc agus frithdhúnadh***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1.
  - (a) I ndoiciméad A, conas a bhréagnaíonn William Martin Murphy an maíomh gur bhain fadhbanna an Tramway Company le drochphá agus drochchúinsí maireachtála na n-oibrithe?
  - (b) I ndoiciméad A, cén fáth ceart, dar le William Martin Murphy, a bhí leis an gcur isteach a rinneadh ar sheirbhís na dtramanna i mBaile Átha Cliath ag an am sin?
  - (c) Cén bhunteachtairacht atá i ndoiciméad B, cartún a bhí ar an *Saturday Herald* i ndiaidh ‘Domhnach na Fola’? (20)
  
2.
  - (a) Tabhair do thuairim maidir leis an bportráid a thugtar de Jim Larkin i ndoiciméad A agus i ndoiciméad B.
  - (b) Cé acu doiciméad, A nó B, is éifeachtaí a chuireann a theachtairacht in iúl, dar leat? Mínigh do fhreagra, ag déanamh tagairt don dá dhoiciméad. (20)
  
3.
  - (a) Céard iad na buanna agus na laigí a bhaineann le doiciméad A mar fhoinse staire?
  - (b) An foinse iontaofa maidir le fianaise stairiúil í cartún polaitiúil ar nós doiciméid B? Mínigh do fhreagra. (20)
  
4. Cén tionchar a bhí ag ceardchumannú na n-aicmí oibre i mBaile Átha Cliath sa tréimhse, 1900–1914? (40)

- Doiciméad A -

**William Martin Murphy, mar a tuairiscíodh an méid a dúirt sé ar an *Irish Times*, 17 Samhain, 1913 (aistrithe ón mBéarla)**

De réir mar a thuigim, tá lucht an cheardchumannachais ag maíomh anois go bhfuil cead acu, am ar bith ar mian leo, fostóir a ionsaí agus a chuid gnó a scriosadh. Agus, ag an am céanna, is uafásach an choir é má dhéanann an fostóir iarracht ar bith é féin a chosaint.

Ní hiad drochchúinsí maireachtála ná tuarastal íseal na bhfear ba chionsiocair leis an ionsaí a rinne Larkin ar an Tramway Company, cé go maíonn sé gurb iad seo bun agus barr gach cruatan.

Tá na fir seo ag fáil airgead maith agus tá cónaí ar an gcuid is mó díobh sna bruachbhailte, i bhfad ó na tionóntaí. Faigheann siad tithe ar chíos íseal ón gcomhlacht, tithe atá sách gar do gharáistí na dtramanna, áit a dtagann tús agus deireadh lena lá oibre.

An t-aon chúis amháin atá leis an iarracht dínáireach seo cosc iomlán a chur le trácht na dtramanna, an tseachtain is gnóthaigh sa bhliain, ná uabhar ollmhór agus gaisceoireacht iomlán an fhir seo, Larkin. Is léir go samhlaíonn sé gurb é féin amháin deachtóir an lucht oibre sa chathair.

- Doiciméad B -

**Cartún, “Time to do this”, *Saturday Herald*, BÁC, 6 Meán Fómhair, 1913**



## ROINN 2: ÉIRE

### Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.

#### *Éire: Topaic 1*

#### **Éire agus an tAontas, 1815 - 1870**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór is a bhí an feachtas ar son Fuascailt na gCaitliceach, agus an rath a bhí air, ag brath ar cheannaireacht Dhónaill Uí Chonaill? (100)
2. Cé chomh héifeachtach is a bhí iarrachtaí an rialtais agus/nó dreamanna príobháideacha agus/nó rialtais freagairt don Ghorta in Éirinn, 1845 – 1849? (100)
3. Cé chomh mór is a bhí tionchar ag Sionad Dhurlais (1850) agus ag an gCairdinéal Paul Cullen ar Rómhánú na hEaglaise Caitlicí, 1850 – 1870? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag gluaiseacht na nÉireannach Óg agus/nó an Fhíniúchais ar fhéiniúlacht náisiúnta in Éirinn? (100)

#### *Éire: Topaic 3*

#### **Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas.

1. Cad iad na cúinsí a chuidigh le bua Shinn Féin in olltoghchán 1918? (100)
2. Cé chomh maith is a dhéileáil Éire, Thuaidh agus Theas, leis na fadhbanna eacnamaíochta sa tréimhse idir an dá chogadh? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag de Valera agus an tóir a bhí aige ar fhlaithis na hÉireann, 1932 – 1945, ar an gcaidreamh Angla-Éireannach? (100)
4. Maidir le Comhdháil Eocairisteach (Baile Átha Cliath, 1932) agus/nó eispéireas Bhéal Feirste le linn an Dara Cogaidh Dhomhanda, cé chomh mór is a spreag na himeachtaí seo féiniúlacht i measc an phobail? (100)

#### *Éire: Topaic 4*

#### **Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas.

1. Cad iad na príomh-threochtaí a bhain leis an eisimirce Éireannach sa tréimhse, 1840 – 1914? (100)
2. Cad iad na bealaí inar chuir an eisimirce diminsean idirnáisiúnta le náisiúnachas na hÉireann sa tréimhse, 1840 – 1922? (100)
3. Sa tréimhse, 1922 – 1966, cén fáth ar imigh a oiread sin de mhuintir na hÉireann chun na Breataine agus cé chomh mór agus a glacadh leo mar bhail den tsochaí thall? (100)
4. Cé chomh mór is a chuir misean Ord an Spioraid Naoimh chun na Nigéire (1945 – 1966) “impireacht spioradálta na hÉireann” chun cinn thar lear? (100)

*Éire: Topaic 5*  
**Polaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór is a d'fhreastail Brookeborough agus O'Neill, 1949 –1969, ar fhadhbanna eacnamaíochta agus/nó ar chaidreamh idirphobal? (100)
2. Le linn na 1960í, cén bunús a bhí leis an gconspóid a bhain le Cúil Raithin a roghnú mar ionad don dara hollscoil i dTuaisceart Éireann? (100)
3. Cén fáth ar mhair an Comhaontú Angla-Éireannach, 1985, níos faide ná Comhaontú Sunningdale, 1973? (100)
4. Baineann tréith na táirgeachta cultúrtha le sochaí atá deighilte. Cén fhírinne atá sa ráiteas seo i gcás Thuaisceart Éireann, 1949 –1993? (100)

*Éire: Topaic 6*  
**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór is a chuir an Chéad Chlár um Fhorbairt Eacnamaíochta, 1958 – 1963, tús le ré nua i bpleanáil eacnamaíochta? (100)
2. Cé acu is mó a raibh tionchar aige ar shochaí na hÉireann: RTÉ sa chéad deich mbliana, nó Dara Comhairle na Vatacáine? Déan do chás a áiteamh, agus tagairt á déanamh don dá cheann. (100)
3. Cé chomh maith is a d'éirigh le Seán Ó Loingsigh le linn a chéad théarma mar Thaoiseach, 1966 –1973? (100)
4. Cén fhorbairt a tháinig ar an gcaidreamh Angla-Éireannach sa tréimhse, 1949 –1989? (100)

**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR**  
**Freagair ceist amháin as dhá thopaic thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*  
**Náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815 –1871**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le ról Metternich i gcúrsaí na hEorpa sa tréimhse, 1815 – 1848? (100)
2. Cén fáth ar éirigh le hiarrachtaí ar an Iodáil a aontú tar éis 1852 nuair a theip ar iarrachtaí roimhe sin? (100)
3. Cén rian a fágadh ar Pháras agus ar phobal na cathrach de thoradh phleananna móra Napoléon III agus Georges Haussmann an chathair a athrú ó bhonn? (100)
4. Sa tréimhse, 1815 – 1871, cad iad na príomhfhorbairtí eolaíochta a tharla i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: leictreachas; bitheolaíocht; teicneolaíocht? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*  
**Stáit náisiúin agus teannais idirnáisiúnta, 1871-1920**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. An measann tú gurbh é an t-aireachas a bhí mar chloch choirnéil i bpolasaí eachtrach Bhismarck? Mínigh do fhreagra. (100)
2. Cén tábhacht a bhain le Karl Benz maidir le haireagán agus stair luath an ghluaisteáin? (100)
3. Cé chomh contúirteach is a bhí an frithghíúdachas do leas na polaitíochta sa bhFrainc agus/nó sa Rúis le linn na tréimhse, 1871 – 1914? (100)
4. De réir mar a lean an Chéad Chogadh Mór ar aghaidh, cén fáth ar éirigh sé fíordheacair ag gach aon taobh an ceann is fearr a fháil? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór is a chuir fadhbanna eacnamaíochta agus sóisialta na Gearmáine le teacht chun cinn Hitler agus na Naitsithe? (100)
2. Cén úsáid a bhain Stalin na Rúise agus/nó Mussolini na hIodáile as cultas na pearsantachta agus iad i mbun bolscaireachta, agus cé chomh maith is a d' éirigh leo? (100)
3. Conas a tharraing Mórshiúl Jarrow (Deireadh Fómhair 1936) aird ar na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí sa Bhreatain ag an am sin? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar an “Fonta Baile” sa Bhreatain, 1939 – 1945? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth agus conas a tháinig gluaiseachtaí i dtreo aontas na hEorpa chun cinn sna blianta, 1945 –1957? (100)
2. Conas a thug an Eoraip aghaidh ar na dúshláin a chruthaigh Géarchéim na hOla i 1973? (100)
3. Cad iad na bealaí ar chas an taoide i stair na Rúise agus na hEorpa tar éis do Mhikhail Gorbachev teacht chun cumhachta? (100)
4. Sa tréimhse, 1945 –1992, cén tábhacht a bhain le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: dul chun cinn sna heolaíochtaí bitheolaíoch; cumhacht núicléach; an ríomhaire? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht don dá thír a bhain le haistarraingt na Breataine as an India? (100)
2. Cad iad na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a fágadh i dtíortha na hAfraice de thoradh an choilíneachais? Luaigh samplaí as tír amháin nó breis. (100)
3. Cé chomh mór is a chuidigh scríbhneoirí ar nós Nadine Gordimer agus Chinua Achebe le féiniúlacht sainiúil Afraiceach a fhorbairt? (100)
4. Cén fáth a raibh an caidreamh idirchiníoch go mór i mbéal an phobail sa bhFrainc sna 1980í agus cén bunús stairiúil a bhí leis an bhfadhb? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'éirigh leis an agóidíocht ar son cearta sibhialta sna Stáit Aontaithe sa tréimhse, 1945 –1968? (100)
2. Cén fáth a ndeachaigh na Stáit Aontaithe i mbun gcoimhlínt armtha i Vítneam agus cén fáth ar tharraing siad siar as an dtír sin ar deireadh thiar? (100)
3. Cé chomh mór is a bhí an tuirlingt ar an nGealach (1969) ina céim mhór chun cinn sa teicneolaíocht agus, ag an am céanna, ina ráiteas maidir le polasaí eachtrach Mheiriceá? (100)
4. Sa tréimhse, 1945 – 1989, cén rian a d'fhág ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar an gcomhfhios Meiriceánach: an Bhrionglóid Mheiriceánach; an “sceimhle dearg”; “frithchultúr”? (100)

Leathanach Bán